**Foras na Gaeilge**

# Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge don bhliain 2024


| Dáta | Leathanach |
|---|---|
| 26 Eanáir | 02 |
| 8 Márta | 07 |
| 26 Aibreán | 13 |
| 28 Meitheamh | 21 |
| 13 Meán Fómhair | 27 |
| 01 Samhain | 34 |
| 13 Nollaig | 40 |
| 17 Nollaig | 48 |

**Miontuairiscí ón 208ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Eanáir 2024 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, D. Mac Cárthaigh, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi, L. Rushe, M. Ní Chonghaile
**Ar líne:** D. Ó Brolcháin, C. McGuinness (Leaschathaoirleach), L. Ní Riada

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus S. Keating
**Leithscéalta:** I. Ó Dochartaigh. K. Ó hEadhra

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**
Luaigh an Cathaoirleach na nithe seo a leanas:

- Go mbeadh tréimhse C. McGuinness mar Leaschathaoirleach thart ar an 29 Eanáir 2024.
    - Ghabh C. McGuinness a bhuíochas as an deis a bheith ag feidhmiú i ról an Leaschathaoirligh, agus ghabh sé a bhuíochas leis an gCathaoirleach as a tacaíocht.
    - Míníodh gur tuigeadh go raibh socrú déanta maidir le hainmniúcháin an Rialtais ó thuaidh, go mbeadh ainmniúchán de chuid an SDLP ina Leaschathaoirleach ar feadh dhá bhliain ón 29 Eanáir 2024, ach go rabhthas ag fanacht le comhfhreagras ón CATT leis sin a dheimhniú. Míníodh go raibh an t-údarás ag an mBord, idir an dá linn, Leaschathaoirleach a cheapadh. o Mhol an Leaschathaoirleach D. Ó Brolcháin don ról. Chuir D. Ó Brolcháin in iúl go raibh sé sásta glacadh an ainmniúchán, agus ghabh sé a bhuíochas leis an mBord as an ainmniúchán. Glacadh leis an moladh d'aon ghuth.
    - Gabhadh buíochas le C. McGuinness as a thréimhse mar Leaschathaoirleach.

- Mhínigh an Príomhfheidhmeannach, toisc nach bhfuil deimhniú i gcomhfhreagras ón CATT go fóill, go mbeadh cinneadh ón mBord de dhíth le híoc na táille méadaithe (€9,830/ £6,690) a bhí ag dul le ról an Leaschathaoirligh a cheadú.
    - Glacadh le moladh go n-íocfaí an táille mhéadaithe (€9,830/ £6,690) leis an Leaschathaoirleach.

**03. Miontuairiscí ón 15 Nollaig 2023**
Glacadh leis na miontuairiscí ón 15 Nollaig 2023.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**
Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Iarradh uasdátú ar dheacrachtaí maoinithe Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge (SFLG) a luadh ar leathanach 3.

- o Míníodh go mbeadh deireadh le tréimhse reatha SFLG i Nollaig 2024, ach nach mbeadh an t-airgead ag Foras na Gaeilge sa bhuiséad reatha le cur le ciste na scéime don chéad bhabhta trí bliana eile – 2025-2027. Míníodh go raibh plé ar siúl leis an Roinn ó dheas maidir le SFLG a chur san áireamh sa phróiseas pleanála teanga. Dá ndéanfaí sin, bheadh maoiniú ag teacht díreach ón Roinn ó dheas, seachas as buiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge, agus d'fhéadfaí cur leis an líon grúpaí agus leis an deontas a bheadh a fháil ar an dóigh sin.
- o Míníodh go raibh cruinnithe socraithe leis an gceist a phlé leis an dá roinn.

- Luadh go mbeadh cruinniú ann le hArd-Stiúrthóir RTÉ, Kevin Bakhurst, ar an 30 Eanáir 2024 faoi dhualgais RTÉ i leith na Gaeilge, agus Creidim Ionat.

**05. Baol coimhlintí leasa**

Chláraigh na daoine seo a leanas baol coimhlint leasa:

• S. Ó hEidhin le cáipéisí Chlár na Leabhar Gaeilge

**06. Moladh i leith bhallraíocht athbhreithnithe Choistí an Bhoird**

*Ag an bpointe seo den chruinniú tháinig D. Mac Cárthaigh*

Chuir an Cathaoirleach a moltaí maidir le ballraíocht athbhreithnithe na gCoistí in iúl don Bhord. Míníodh na moltaí a rinneadh agus bhí plé ann. Faomhadh an bhallraíocht nua.

**07. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:

- Luadh go bhfuil líon ard folúntas fós ann agus go mbíonn líon íseal iarrthóirí ann.
- Luaigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil cruinnithe eagraithe aige féin nó ag Foireann Ardbhainistíochta Fhoras na Gaeilge le hionadaithe ó chuid mhaith de na comhairlí áitiúla anois.
- Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhisí Forbartha go bhfuil dul chun cinn déanta leis an Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, go bhfuil Céim 1 den suirbhé le bheith scaipthe ar an mórphobal go luath agus go mbeidh torthaí an tsuirbhé agus anailís orthu ann i Mí Aibreáin. • Faomhadh €50,000 do Leabhair Pháistí Éireann le haghaidh feachtais do leabhair Ghaeilge do dhaoine óga i gcomhar le Foras na Gaeilge tríd an Scéim Tharmligin.
- Rinneadh plé ar an cheist go ndéanfaí iarratas le Foras na Gaeilge a chur le Rollaí Ainmniúcháin Sheanad Éireann le go bhféadfadh Foras na Gaeilge ainmniúcháin a dhéanamh do thoghcháin Sheanad Éireann. Pléadh an cur chuige agus an dóigh a roghnófaí daoine lena n-ainmniú, agus aontaíodh gur lorg spéise poiblí ab fhearr, agus moladh le cur faoi bhráid an Bhoird bunaithe air sin.
- Aontaíodh go mbeidh critéir le leagan síos don cheapachán, gur duine a thuigeann saol na Gaeilge a bheadh i gceist, agus go bhfaighfí gealltanas uathu gur Gaeilge a labhróidís sa Seanad.
- Moladh iarratas a dhéanamh ainm Fhoras na Gaeilge a chur leis an bPainéal Riaracháin mar chéad rogha agus leis an bPainéal Saíochta agus Oideachais mar an dara rogha.

**08. Cur i láthair - Gael Linn – Foireann Ghaelbhratach**

Rinne E. Ní Bhraonáin ó fhoireann Ghael Linn cur i láthair ar an nGaelbhratach agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Cuireadh in iúl go raibh deichniúr anois fostaithe ar fhoireann Ghaelbhratach leis an maoiniú breise a chur an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar fáil.
- Luadh go bhfuil grúpa príomhoidí i mBéal Feirste a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair agus an Ghaelbhratach á cur chun cinn ó thuaidh.
- Dúradh go bhfuil an chuma ar an scéal go mbeidh 50% de liosta feithimh Ghaelbhratach glanta faoi dheireadh 2024.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Rushe*

**09. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) Coiste Osradhairc:**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc agus bhí plé ina leith. Luadh na nithe seo a leanas:

- Gabhadh buíochas le C. McGuinness agus é ag éirí as a ról mar Leaschathaoirleach.
- Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuil litreacha faoi easpa maoinithe don Ghaeilge á réiteach faoi láthair lena gcur chuig Teachtaí Dála.

**b) Coiste na nDeontas:**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas agus bhí plé ina leith. Pléadh na nithe seo a leanas:

- Tugadh suntas do nóta eolais maidir le leasú buiséid Gaeloideachas.
- Faomhadh an maoiniú seo faoi Scéim na bhFeilte:

| Ainm na hEagraíocht | Dáta Tosaithe an Tionscadail | Dáta Deiridh an Tionscadail | Méid Molta £ | Méid Molta € |
|---|---|---|---|---|
| 1. Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | 29/02/2024 | 02/03/2024 | £2,800.00 | |
| 2. Raidió Fáilte | 31/01/2024 | 03/02/2024 | £2,450.00 | |
| 3. Coiste Forbartha Charn Tóchair | 01/02/2024 | 27/05/2024 | £2,450.00 | |
| 4. Glór Cheatharlach | 05/03/2024 | 05/03/2024 | | €700.00 |
| 5. An Gaeláras Ltd Cultúrlann Uí Chanáin | 01/03/2024 | 17/03/2024 | £1,600.00 | |
| 6. Ionad Uíbh Eachach | 02/02/2024 | 31/05/2024 | £1,550.00 | |
| 7. Gaelphobal Ard Mhacha Theas | 03/03/2024 | 10/03/2024 | £1,600.00 | |
| 8. An Clár as Gaeilge | 29/02/2024 | 08/03/2024 | | €1,350.00 |
| 9. Aonach Mhacha | 01/03/2024 | 16/03/2024 | £1,600.00 | |
| 10. Glór Léim an Mhadaidh | 01/03/2024 | 17/03/2024 | £1,050.00 | |
| 11. Cill Dara le Gaeilge | 01/03/2024 | 17/03/2024 | | €2,000.00 |

- Faomhadh maoiniú €11,500 do IMRAM do dhá thionscadal a bhaineann le Gaeilge na hAlban: Buile Shuibhne agus Ó Stáisiún go Stáisiún, faoi Scéim Tionscadal Colmcille 2023.

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas le gach Coiste agus ball as an obair a rinne siad le dhá bhliain anuas.

**10. An Treo Straitéiseach**

Pléadh tuairiscí ó na cruinnithe an 22 Aibreán 2023 agus an 3 Samhain 2023. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Ardaíodh ceist faoin easpa cinnteachta a bhaineann le hOifigigh Pleanála Teanga.
- Moladh bealaí a fhorbairt le fáilte a chur roimh dhaoine nua isteach i saol na Gaeilge, teifigh agus inimircigh san áireamh.

Chláraigh an Cathaoirleach a buíochas don Chlárbhainisteoir Pleanála Corparáidí as a chuid oibre ar an Treo Straitéiseach.

*Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhág D. Mac Cárthaigh*

- Fiosraíodh an bhféadfaí an comhairliúchán ar an Treo Straitéiseach a dhéanamh ag am difriúil sa bhliain toisc nach dtiocfaí ar dhaoine i rith an tsamhraidh.
- Aontaíodh athbhreithniú a dhéanamh ar an sceideal agus dréacht nua a thabhairt chuig an gcéad chruinniú Boird eile.

*Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhill D. Mac Cárthaigh*

**11. Tuairisc ó Chomhchoiste Gaeilge Choimisiún na Meán & Fhoras na Gaeilge.**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc ó Chomhchoiste Gaeilge Choimisiún na Meán & Fhoras na Gaeilge i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Luadh go bhfuil dhá rud mór ag teacht in 2024: athbhreithniú ar na meáin ina mbeidh ról ag an gCoiste, agus athbhreithniú ar bhallraíocht an Choiste féin.
- Moladh go ndéanfaí sainmhíniú ar cad is clár Gaeilge ann i dtaca leis na scéimeanna maoinithe a shoiléiriú.
- Fiosraíodh an bhféadfaí ionadaí ón Tuaisceart a cheapadh ar an gCoiste.

**12. Ráiteas Caiteachais go Nollaig 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí an 31 Nollaig 2023 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go raibh na fuílligh a bhí fágtha ag deireadh na bliana laghdaithe thar na blianta, agus mar a dhéantaí blianta eile, go mbeifí ag iarraidh cead ó na ranna na fuílligh a chur le buiséad na chéad bhliana eile.
- Rinneadh tagairt do na brúnna éagsúla buiséid a bheadh ann in 2024.

**13. Comhfhreagras**

Ní raibh aon rud ann

**14. Aon ghnó eile**

D'iarr an Cathaoirleach ar chomhaltaí a ndícheall a dhéanamh freastal ar ócáidí in 2024. Aontaíodh go gcuirfí sceideal do na cruinnithe Boird in 2024 ar Decision Time.

**15. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 8 Márta i mBéal Feirste.

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**30 Aibreán 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | | | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✗ | | | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | | | | | | |
| L. Rushe | ✓ | | | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | | | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | | | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 209ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 8ú Márta 2024 i Spórtlann na hÉireann, Páirc Radharc na bhFeá, Bóthar na bhFál, Béal Feirste**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach), I. Ó Dochartaigh agus K. Ó hEadhra
**Ar líne:** C. McGuinness, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi agus L. Ní Riada

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach) , E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile.
**Leithscéalta:** D. Mac Cárthaigh, M. Ní Chonghaile agus L. Rushe,

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair chuig an Spórtlann i gColáiste Feirste. Rinne an Príomhoide Mícheál Mac Giolla Ghunna cur i láthair ar an Choláiste agus ar an Spórtlann féin.

Thréaslaigh an Bord leis as an tsárobair atá ar siúl sa choláiste a bhfuil os cionn 950 scoláire ag freastal anois air.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Luaigh an Cathaoirleach na nithe seo a leanas:

- Míníodh go mbeadh ar an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta, E. Ní Chorráin an cruinniú a fhágáil le dul chuig nochtadh na plaice goirme a bhfuil urraíocht déanta ag Foras na Gaeilge uirthi, in ómós don scoláire, scríbhneoir agus aistritheoir Gaeilge, Maighréad Nic Mhaicín, i Scoil Naomh Dominic inniu Lá Idirnáisiúnta na mBan.
- Cuireadh in iúl go raibh an litir a pléadh ag an chruinniú deireanach curtha ag an gCathaoirleach chuig Teachtaí Dála uile an Rialtais le buairt an Bhoird a chur in iúl faoin dóigh a raibh an Rialtas ag caitheamh le maoiniú don Ghaeilge i bhfianaise an eolais a cuireadh ar fáil ar Tuairisc.ie nach bhfuarthas de mhéadú ar an mbuiséad don Ghaeilge sna meastacháin ach €4.2m in ainneoin gur iarradh os cionn €20m. Mhínigh sí go raibh teagmháil déanta aici leis an Aire Martin agus an Aire Stáit O'Donovan ag lorg cruinniú leo chun tacaíocht an Rialtais ó dheas agus cúrsaí buiséid a phlé.
    - Chuir sí in iúl go raibh cruinniú aici féin agus ag baill den Fheidhmeannas sinsearach leis an Aire Stáit. Míníodh gur cuireadh ar a shúile don Aire Stáit go bhféadfadh Rialtas na hÉireann cur le buiséad Fhoras na Gaeilge in ainneoin an struchtúir mhaoinithe Thuaidh Theas. Míníodh mar shampla, gur cinneadh don Rialtas ó dheas amháin iachall a chur ar Fhoras na Gaeilge na costais phinsin a bhain le Foras na Gaeilge agus go stairiúil le Bord na Gaeilge a íoc as an mbuiséad bonnlíne. Mhínigh sí go raibh treoir aontaithe in 2009 do Ranna Coimircíochta na bhforas Thuaidh Theas uile gur chóir gan íocaíochtaí pinsin a íoc as an mbuiséad bonnlíne, ach nár chuir an RTCEGS&M an treoir sin i bhfeidhm go dtí seo. Mhínigh sí go raibh na costais sin anois os cionn €700k sa bhliain.

- Chuir an Cathaoirleach in iúl nach bhfuarthas freagra ón Aire Martin ar a hiarratas ar chruinniú.
- D'iarr an Bord téacs na litreach a fheiceáil, agus aontaíodh go gcuirfí sin ar fáil ar Decision Time d'aon bhall boird ar theastaigh uaidh /uaithi é a fheiceáil.

**03. Miontuairiscí ón 26ú Eanáir 2024**
Glacadh leis na miontuairiscí ón 26ú Eanáir 2024.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**
Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:
- Maidir le 02. Gnó an Chathaoirligh o Níl scéal oifigiúil go fóill ón CATT maidir le ról an Leas-Chathaoirligh.
- Maidir le 07. Tuairisc na hArdbhainistíochta o Foras na Gaeilge a chur le Rollaí Ainmniúcháin Sheanad Éireann – Cuireadh in iúl gur glacadh lenár n-iarratas don Phainéal Saíochta agus Oideachais, agus go mbeadh páipéar á thabhairt chuig an mBord ag leagan amach dréacht-chur chuige maidir le roghnú duine lena n-ainm a chur chun tosaigh bunaithe ar an bplé ag Cruinniú Boird mhí Eanáir.

**05. Baol coimhlintí leasa**
Ní raibh aon choimhlint leasa ann.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**
Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:
- Go raibh cruinniú dearfach le hArd Stiúrthóir RTÉ Kevin Bakhurst agus go mbeadh an feachtas Creidim Ionat á sheoladh i gcomhar le RTÉ mar chuid d'imeachtaí Lá Fhéile Padraig;
- Gur bhuail an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le hOifigeach Gaeilge agus le Dlíodóir Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste maidir le polasaí Gaeilge na Comhairle;
- Go mbeadh moladh le cur faoi bhráid an chéad chruinnithe Boird eile chun síneadh ama a cheadú do Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge a mbeidh deireadh le teacht leis an mbabhta reatha di faoi Nollaig 2024;
- An cruinniú a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach agus baill eile den fhoireann Ard-Bhainistíochta leis an stiúrthóir nuacheaptha i gceannas ar chúrsaí teanga agus cultúir sa Roinn Pobal;
- Cruinniú a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach le Príomhfheidhmeannach agus baill shinsearacha eile de chuid Chomhairle Lár Uladh le plé a dhéanamh ar an bhfreastal atá Comhairle Lár Uladh a dhéanamh ar phobal na Gaeilge ina gceantar agus ar na hullmhúcháin atá siad a dhéanamh don reachtaíocht teanga ó thuaidh;
- Cruinniú a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach le Príomhfheidhmeannach agus baill eile foirne in Ionad Ealaíon & Cultúir Newgate, ionad nua i nDoire dírithe ar ghnéithe de chultúr an phobail Phrotastúnaigh ó thuaidh, agus a bhfuil maoiniú suntasach caipitil faighte aige ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte;

- Ard-Fheis Conradh na Gaeilge, agus rún a ritheadh ann a mhaígh "Go raibh ag teip ar Fhoras na Gaeilge mar struchtúr maoinithe". Rinneadh plé fada ar an mír seo, agus chuir Comhaltaí uile an Bhoird a míshástacht in iúl maidir leis an rún agus leis an easpa measa a bhí léirithe ag Conradh na Gaeilge d'Fhoras na Gaeilge. Rinneadh plé ar leith ar an tionchar a bhíonn ag ráitis mar seo sna meáin ar chur chun cinn na Gaeilge faoi struchtúir oifigiúla an dá dhlínse. Chuir an Príomhfheidhmeannach agus Cathaoirleach in iúl go bhfuair siad comhfhreagras ó Chonradh na Gaeilge ag lorg cruinniú leis an mBord, agus go mbeadh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ag iarraidh bualadh le Conradh na Gaeilge le míshástacht an Bhoird a chur in iúl;
- Cruinniú a bhí ag an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le hionadaithe ó Amharclann na Mainistreach maidir le ceist na Gaeilge i gclár léirithe na hAmharclainne. Rinneadh tagairt don dráma nua 'Na Peirsigh' atá ar Stáitse na Péacóige faoi láthair;
- Go raibh plaic ghorm (a bhfuil urraíocht déanta ag FnaG uirthi) le nochtadh inniu Lá Idirnáisiúnta na mBan in ómós do Maighréad Nic Mhaicín (1899-1983), Gaeilgeoir, aistritheoir, scríbhneoir agus scoláire Rúisise as an gClochán Liath, Co. Dhún na nGall, ó dhúchas agus a bhain clú amach mar scoláire agus mar theangeolaí Gaeilge agus Rúisise.
- Iarradh tuairisc ar dhul chun cinn leis an bhfoclóir aonteangach ar líne don chéad chruinniú eile;
- Iarradh go gcuirfí eolas ar fáil don Bhord ar na dualgais atá ar RTÉ maidir le líon uaireanta a chraoladh i nGaeilge.

**07. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

D'aithin an Cathaoirleach ballraíocht nua na gcoistí nua agus ghabh sí buíochas le gach duine as na coistí nua a chur sa tsiúl go héifeachtach agus go poncúil. **a) Coiste Osradhairc:**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an chruinniú den Choiste Osradhairc agus bhí plé ina leith. Luadh na nithe seo a leanas:

- Aontaíodh ar na Téarmaí Tagartha don Choiste Osradhairc.
- Roghnaíodh Leas-Chathaoirleach an Choiste.
- Rinneadh plé ar na struchtúir athbhunaithe Thuaidh Theas agus ar chúrsaí maoinithe.

**b) Coiste na nDeontas:**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an chruinniú de Choiste na nDeontas agus bhí plé ina leith. Pléadh na nithe seo a leanas: Faomhadh an maoiniú seo leanas faoi Scéim Tionscadal Colmcille 2024:

| **Ainm na hEagraíochta** | **Méid Molta £** |
|---|---|
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair | £8,700 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | £6,800 |
| Raidió Fáilte | £8,500 |

Faomhadh an maoiniú seo leanas faoi Scéim na bhFeilte Glaoch 1, 2024:

| **Ainm na hEagraíochta** | **Méid Molta €** | **Méid Molta £** |
|---|---|---|
| Líonra Leitir Ceanainn | €3,500 | |
| Glór na Móna | | £2,450 |
| Comhluadar Luimnigh | €2,800 | |

| | | |
|---|---|---|
| Cumann Gaelach, Muineachán | €2,250 | |
| Pobal ar a'n Iúl | | £1,250 |

Aontaíodh gur ar an Déardaoin, coicís roimh an chruinniú Bord @ 4pm a bheadh cruinnithe an choiste ann.
Rinneadh athbhreithniú ar na téarmaí tagartha agus ghlac na baill leo.

**c) An Coiste Forbartha**

Tháinig coiste nua den Choiste Forbartha le chéile don chéad uair ar 28 Feabhra 2024, Ainmníodh Leas-Chathaoirleach an Choiste.

- Rinneadh athbhreithniú ar na téarmaí tagartha agus ghlac na baill leo.
- D'aontaigh na baill go gcloífí leis an nós seanbhunaithe go dtionólfaí cruinniú den Choiste Forbartha ar an gCéadaoin, roimh an gcruinniú Boird.
- Ar an ábhar go mbeidh próiseas comhairliúcháin an Treo Straitéisigh ann roimh an samhradh, ní bheidh deis an dréachtcháipéis don chomhairliúchán poiblí a fhaomhadh ag Cruinniú Boird. D'iarr Cathaoirleach an Choiste cead ón mBord go bhféadfaí an Coiste an dréacht don chomhairliúchán poiblí a cheadú thar ceann an Bhoird. Thug an Bord cead don Choiste Forbartha i gcomhar le Cathaoirleach an Bhoird an dréacht don chomhairliúchán poiblí a cheadú.

**08. Ráiteas Caiteachais 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha na cáipéisí seo faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leo.

- Ráiteas Caiteachais agus buiséad 2024
- Achoimre ar Cheangaltais 2024
- Achoimre ar dhíscíobh 2023

Dréachtbhuiséad 2024

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha dréachtbhuiséad 2024 faoi bhráid an Bhoird le faomhadh. Mhínigh sé nach raibh mórán athruithe ar an mbuiséad ó 2023:

- Beidh tacaíocht bhreise aon-uaire ón Roinn ó dheas a chlúdóidh an chuid is mó den chostas a bhaineann le harduithe tuarastail le linn 2024;
- Beidh maoiniú eile ar fáil a chlúdóóidh cuid de na costais a bhaineann le Líonraí Gaeilge ó thuaidh;
- Beidh maoiniú breise ar fáil ón Roinn ó dheas le haghaidh Chlár na Leabhar Gaeilge. Cuireadh in iúl go bhfuil arduithe tagtha ar chostais agus ceangaltais atá ar an eagraíocht le blianta anuas agus nach bhfuil solúbthacht ar bith fágtha sa bhuiséad ag tús na bliana. Dá réir sin, ní bheidh aon soláthar ann chun an Ciste Tionscadal a mhaoiniú i mbliana.

Míníodh go raibh an buiséad leagtha amach de réir an eolais a bhí ar fáil faoi láthair, agus nach bhfuil eolas iomlán ar fáil maidir le buiséad bonnlíne an Fhorais Teanga go fóill. Míníodh nach mbeadh an t-eolas sin ar fáil go dtí deireadh mhí Aibreáin nuair a bheidh an próiseas a bhaineann le buiséad na ranna ó thuaidh curtha i gcrích.

**09. Comhfhreagras**

Chuir  an Príomhfheidhmeannach in iúl gur tháinig dhá mhír chomhfhreagrais ó Chonradh na Gaeilge:

a) Iarratas chun cur i láthair a dhéanamh ar an rún a ritheadh ag an Ard-Fheis a mhaígh "gur theip ar Fhoras na Gaeilge mar struchtúr maoinithe" agus plean fáis Chonradh na Gaeilge; agus
b) Iarratas ar chruinniú le Cathaoirleach agus le Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge. Léirigh an Bord a ndíomá agus a míshástacht maidir leis an rún a ritheadh ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge. Pléadh an comhfhreagras agus aontaíodh gan cuireadh a chur ar Chonradh na Gaeilge mar nach nós leis an mBord bualadh le grúpaí aonair sa tslí seo, ach gur chóir don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach bualadh leo le míshástacht an Bhoird a chur in iúl.

**10. Aon ghnó eile**

Ardaíodh ceist maidir leis an éiteas sna Ghaelcholáistí ó dheas i dtéarmaí sainchreidimh. Chuir an Stiúrthóir Oideachais in iúl go bhfiosródh sé an cheist agus go gcuirfí eolas ar fáil ar Decision Time roimh an chéad chruinniú Boird eile.

**11. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 26ú Aibreán i mBaile Átha Cliath.

Regina Uí Chollatáin

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**30 Meitheamh 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird i 2024**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | | | | | |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | | | | | |

**Miontuairiscí ón 210ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 26 Aibreán 2024 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach), N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, D. Mac Cárthaigh, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi, agus M. Ní Chonghaile.
**Ar líne:** K. Ó hEadhra, agus L. Ní Riada.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith, E. Ní Chorráin, S. Ó hEidhin, agus S. Keating.
**Leithscéalta:** I. Ó Dochartaigh, L. Rushe, agus C. McGuinness.

**01. Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**
Luaigh an Cathaoirleach na nithe seo a leanas:
- Go mbaineann an-tábhacht le dearbhuithe leasa atá suas chun dáta, go bhfuil sé riachtanach foirmeacha nua a chur isteach chomh luath is atá athrú sonraí ann, agus go bhfuil sé indéanta rochtain ar cháipéisí a bhaint má cheapann comhalta Boird go bhfuil baol coimhlint leasa ann.
- Go bhfuil machnamh cás ar chás le déanamh nuair nach bhfuil baint a thuilleadh ag duine le rud a chruthaigh coimhlint leasa féideartha roimhe seo.
- Meabhraíodh do dhaoine go bhfuil an polasaí ar dhearbhuithe leasa ar fáil ar Decision Time le léamh.

**03. Miontuairiscí 08 Márta 2024**
Glacadh leis na miontuairiscí ón 08 Márta 2024.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**
D'éirigh na nithe seo a leanas as na miontuairiscí:
- Dúradh go bhfuil cruinniú á lorg leis an Aire Stáit Thomas Byrne T.D.
- Chuir an Cathaoirleach in iúl nach raibh freagra faighte ar a hiarratas ar chruinniú leis an Aire Catherine Martin T.D.
- Luadh go raibh cruinniú ann le toscaireacht ó Chonradh na Gaeilge inar pléadh foclaíocht an rúin a cuireadh faoi bhráid Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge. o Rinneadh plé ar chomhdháil lae d'earnáil na Gaeilge chun daoine a chur ar an eolas faoi obair Fhoras na Gaeilge agus faoi earnáil na Gaeilge go ginearálta.
- Míníodh go raibh cruinniú ann le hullmhúchán a dhéanamh don chruinniú den CATT a bheidh ar siúl ar an 29 Bealtaine. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:
    - Go raibh an chuma air nach mbeadh ceist mhaoiniú Fhoras na Gaeilge ar an gclár; agus
    - Gur iarr Foras na Gaeilge go mbeadh an deis ann feasta Gaeilge a labhairt ag na cruinnithe.

    - Míníodh freisin go bhfuil triúr Comhaltaí fós le hainmniú (beirt ag an Rialtas ó dheas agus duine amháin ag an Rialtas ó thuaidh).
- Léiríodh díomá gurbh éigean deireadh a chur leis an gCiste Tionscadal i mbliana as siocair nach raibh maoiniú go leor ann lena aghaidh, de bharr brú eile buiséid.
- Cuireadh ceist faoin gcruinniú a bhí ag an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le Comhairle Cathrach Bhéal Feirste maidir le polasaí Gaeilge na Comhairle.
- Moladh plé a dhéanamh sa todhchaí ar an gcur chuige maidir le méadú ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge, mar gur léir nár tháinig aon rud suntasach as na cruinnithe éagsúla go dtí seo.
    - Iarradh ar an bhFeidhmeannas plépháipéar a ullmhú air seo don chéad chruinniú eile a chuimseodh ról féideartha don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord.

**05. Baol coimhlintí leasa**
Chláraigh na daoine seo a leanas baol coimhlint leasa:
- F. Nic Giolla Chatháin le moltaí faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta agus Scéim na Mórimeachtaí Ealaíon ó Choiste na nDeontas.
- P. Deeds le moltaí faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge ó Choiste na nDeontas.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**
Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:
- Gur bhuail an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le Cathaoirleach an Choiste Gnóthaí Corparáideacha de chuid Chumann na gComhairlí Cathrach agus Contae maidir le bunú fóram pleanála teanga do Phríomhfheidhmeannaigh an rialtais áitiúil ó dheas. Míníodh go mbeadh sé i gceist gurb iad Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge a dhéanfadh comhchathaoirleacht ar na cruinnithe.
- Dúradh go raibh an dara seisiún oiliúna frithchlaontachta ag foireann Fhoras na Gaeilge agus gur éirigh go maith léi. o Fiosraíodh arbh fhéidir le Foras na Gaeilge ráiteas a chur amach in aghaidh agóidí ciníocha, agus moladh an tacaíocht atáimid a léiriú do 'Céad Míle Fáilte', a bheidh á seoladh go luath.
- Gur cuireadh in iúl ag an gcruinniú ullmhúcháin don chruinniú den CATT nach mbeadh athrú buiséid le plé ag an gcruinniú den CATT i mí na Bealtaine.
    - Luaigh an Príomhfheidhmeannach go raibh cruinniú á shocrú leis an Aire Airgeadais ó thuaidh, Caoimhe Archibald CTR, le buiséad Fhoras na Gaeilge a phlé.
- Go raibh cruinniú ag an bhfoireann Ard-Bhainistíochta le hArd-Rúnaí nuacheaptha na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán.
- Cuireadh an cheist ar tháinig toradh ar bith as an gcruinniú le hionadaithe sinsearacha de chuid na Roinne Oideachais ó thuaidh. Dúradh go raibh plé fiúntach ann agus gur aontaíodh go mbeadh cruinniú eile ann.

- Pléadh moladh go bhféadfaí leas a bhaint as Mír 3 (Cinntí Práinneacha) den Scéim Tharmligin i gcás íocaíochtaí athdháilte a chaithfí a dhéanamh roimh an gcéad chruinniú Boird eile.
    - Rinneadh plé ar Mhír 3 den Scéim Tharmligin a thugann cead i gcásanna práinneacha don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, íocaíochtaí a cheadú, a thiocfadh de ghnáth faoi bhráid an Bhoird lena gceadú. Iarradh míniú ar chás práinneach i gcás na Scéime Tarmligin. Míníodh gurb ionann cás práinneach agus cás a bhfuil tábhacht ann go mbeidh an t-airgead ceadaithe roimh an gcéad chruinniú Boird eile, mar shampla sa chás go mbeadh an deontas rómhall dá bhfanfaí leis an gcéad chruinniú Boird eile. o Iarradh go mbeadh plé ann ag an gcéad chruinniú Boird eile faoi na tosaíochtaí atá ann don athdháileadh.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág K. Ó hEadhra** Glacadh leis an moladh.

**06B. Próiseas roghnúcháin d'iarrthóir do Sheanad Éireann**

- Cuireadh próiseas molta roghnúcháin d'iarrthóir do Sheanad Éireann i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:
    - Aontaíodh go mbeadh líofacht Ghaeilge an duine a cheapfar an-tábhachtach.
    - Aontaíodh go mbeadh meitheal Boird ann le duine a cheapadh. Aontaíodh go mbeadh triúr Comhaltaí Boird, duine amháin ó fheidhmeannas Fhoras na Gaeilge agus duine neamhspleách ar an meitheal.
    - Glacadh leis an bpróiseas molta. o Aontaíodh go gcaithfeadh iarrthóirí a bheith ábalta a bhfeachtas toghchánaíochta féin a reáchtáil.

**06C. Maoiniú breise d'athchlónna An Gúm agus An tÁisaonad**

- Glacadh go siarghabhálach le moladh maidir le deontas £110,282 (€126,761) don Áisaonad Lán-Ghaeilge a cheadaigh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach tríd an Scéim Tharmligin le haghaidh athchlónna.

**06D. Nuashonrú ar an tionscadal foclóireachta**

Cuireadh páipéar nuashonraithe ar an tionscadal foclóireachta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Dúradh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an tionscadal ar sprioc.
- Go bhfuil teicneolaíocht nua ag teacht chun cinn agus go bhfuil ceist le réiteach maidir le heagarthóireacht shinsearach, agus go mbeadh páipéar ar an ábhar sin le teacht faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú Boird eile.

Glacadh le Tuairisc na hArd-Bhainistíochta.

**07. Cur i láthair don Bhord**

Tháinig A. Ní Bhriain, Oifigeach Forbartha Gaeilge CLG na Mumhan isteach sa chruinniú chun cur i láthair a dhéanamh ar an gcomhthionscadal le CLG na Mumhan atá á chómhaoiniú ag Foras na Gaeilge agus bhí plé ina leith.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Comhairle Cúige CLG na Mumhan as a gcomhpháirtíocht agus leis an Oifigeach Forbartha Gaeilge as a cur i láthair don Bhord, agus tréaslaíodh a cuid oibre léi.

**08. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) Coiste Osradhairc:**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc agus bhí plé ina leith. Luadh gur pléadh na nithe seo a leanas:

- Tosaíochtaí agus pleananna Fheidhmeannas Fhoras na Gaeilge do 2024.
- Na deacrachtaí leis an gcóras comhtháite iarratas.
- Na pleananna don chéad chruinniú institiúideach eile den CATT.

**b) Coiste na nDeontas:**

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair, thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas agus bhí plé ina leith. Pléadh na nithe seo a leanas:

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág P. Deeds an cruinniú**

- Ceadaíodh síneadh ama 24 mhí ó 01 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2026 don 36 deontaí reatha de chuid na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge leis an gcoinníoll gur féidir dáta tosaigh an chéad bhabhta eile den scéim a thabhairt chun tosaigh sa chás go dtiocfar ar réiteach ar cheist an mhaoinithe laistigh d'achar ama níos luaithe. Ceadaíodh na suimeanna seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Muintir Chrónáin | €94,000.00 |
| Líonra Leitir Ceanainn | €94,000.00 |
| Gael-fhorbairt na Gaillimhe | €94,000.00 |
| An Clár as Gaeilge | €94,000.00 |
| Gaeilge Locha Riach | €94,000.00 |
| Togra Mhaigh Eo | €94,000.00 |
| Glór Cheatharlach | €94,000.00 |
| An Cumann Gaelach Muineachán | €94,000.00 |
| Cill Dara le Gaeilge | €94,000.00 |
| Cumann Gaelach na hEaglaise | €94,000.00 |
| Comhluadar Luimnigh | €94,000.00 |
| Comhluadar Thamhlachta | €94,000.00 |
| Glór Inis Eoghain | €30,000.00 |
| Gaeilge Nuada | €30,000.00 |
| Craobh Pheadair Uí Dhubhda | €30,000.00 |
| Pobal Gaeilge 15 | €30,000.00 |
| Ionad Uíbh Eachach | £82,000.00 |

| | |
|---|---|
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | £82,000.00 |
| Glór na Móna | £82,000.00 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | £82,000.00 |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | £82,000.00 |
| Gael na nGlinntí | £82,000.00 |
| Glór na Speiríní | £82,000.00 |
| Ionad na Fuiseoige | £82,000.00 |
| Conradh na Gaeilge Boirche Íoctair | £82,000.00 |
| Pobal ar A'n Iúl | £82,000.00 |
| Cumann Gaelach Leath Chathail | £82,000.00 |
| Glór Uachtair Tíre | £82,000.00 |
| An Droichead | £82,000.00 |
| Croí Éanna | £82,000.00 |
| Cairde Uí Néill | £82,000.00 |
| Glór Dhún Geimhin | £26,000.00 |
| Tús Nua | £26,000.00 |
| Glór Léim an Mhadaigh | £26,000.00 |
| Craobh an Iúir | £26,000.00 |
| Aonach Mhacha | £82,000.00 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill P. Deeds**

- Pléadh an moladh go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don dá líonra Gaeilge ó thuaidh, agus iarradh ar an bhFeidhmeannas iarracht a dhéanamh teacht ar mhaoiniú breise don dá líonra ó thuaidh chun go mbeadh an leibhéal maoinithe ar comhchéim leis na trí líonra ó dheas.
- Glacadh le moladh Choiste na nDeontas agus ceadaíodh deontas breise nach mó ná £29,000 an ceann don dá Líonra ó thuaidh.

| ***Iarratasóir*** | ***Deontas molta*** |
|---|---|
| Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste) | £29,000 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair (Carn Tóchair) | £29,000 |

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág F. Nic Giolla Chatháin**

- Ceadaíodh na deontais seo a leanas faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2024:
    - €27,000 do Stiúideo Cuan.
    - £6,400 do Choiste Forbartha Charn Tóchair. o £6,400 do Ghaelphobal Ard Mhacha Theas.
    - Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú á dhéanamh ar an scéim do 2025.
- Ceadaíodh na deontais seo a leanas faoi Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2024:
    - £8,000 do Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain. o €15,400 do Stiúideo Cuan.
    - Cuireadh in iúl go mbeadh athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirlínte agus ar an bhfoclaíocht atá in úsáid sna scéimeanna seo.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill F. Nic Giolla Chatháin**

- Tugadh suntas do nóta eolais maidir le Scéim na bhFéilte 2024.
- Ceadaíodh na deontais seo a leanas faoi Scéim na gCampaí Samhraidh:

| Eagraíocht | € Molta | £STG Molta |
|---|---|---|
| Glór na Móna | | £1,750.00 |
| Cumann Gaelach Leath Chathail | | £1,750.00 |
| Glór na Spéiríní | | £1,750.00 |
| Glór Uachtar Tíre | | £1,750.00 |
| Cultúrlann McAdam O'Fiaich | | £1,750.00 |
| Naíscoil Charn Tochar | | £1,750.00 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £1,750.00 |
| Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar | | £1,750.00 |
| An Droichead | | £1,750.00 |
| Ionad Uibh Eachach | | £1,750.00 |
| Croí Éanna | | £1,750.00 |
| Ógras – Baile an Mhuileann | €2,500.00 | |
| Ógras – Baile an Bhunannaigh | €2,500.00 | |
| Ógras – Baile Uí Thadhig | €2,500.00 | |
| Ógras – Dún Dealgan | €2,500.00 | |
| Ógras – Gaelscoil Mhic Amhlaigh | €2,500.00 | |
| Ógras – Léim an Bhradáin | €2,500.00 | |
| Ógras - Marino | €2,500.00 | |
| Ógras - Nás | €2,500.00 | |
| Ógras – Nás Réalta | €2,112.50 | |
| Ógras – Trá Lí | €2,500.00 | |
| Pobal ar an Iúl | | £1,750.00 |
| Togra Mhaigh Eo | €1,585.00 | |
| Áras na nGael | €2,500.00 | |
| Cairde Uí Néill | | £1,750.00 |
| Gaeilge Locha Riach | €2,500.00 | |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | | £1,750.00 |
| Líonra Leitir Ceanainn | €2,500.00 | |
| Gaelphobal Ard Mhacha Theas | | £1,750.00 |
| Cultúrlann Uí Chanáin | | £1,750.00 |
| Muineachán le Gaeilge (Cumann Gaelach) | €0.00 | |

    - Ceadaíodh deontas €2,500 do Mhuineachán le Gaeilge má thagann ann do go leor airgid bhreise faoin bpróiseas athdháilte.

**c) Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha agus bhí plé ina leith. Luadh na nithe seo a leanas:

- Go raibh plé ann faoin gCur Chuige Comhpháirtíochta.
- Gur cuireadh nuashonrú ar an bhFóram Forbartha Teanga i láthair an Choiste.
- Glacadh leis na hathruithe ar na Téarmaí Tagartha don Fhóram Forbartha Teanga a bhí á moladh ag an gCoiste Forbartha.
- Glacadh le leasuithe ar an gCiste Infheistíochta do Sholáthar úr Réamhscolaíochta agus Cúraim Leanaí a bhí á moladh ag an gCoiste Forbartha.

**d) Coiste Iniúchta**

De bharr nach raibh an Cathaoirleach i láthair, thug Leaschathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta agus bhí plé ina leith. Luadh na nithe seo a leanas:

- Gur faomhadh an dréacht de Chuntais Airgeadais 2023.
    - Faomhadh ráiteas i leith rialúchán inmheánach airgeadais taobh istigh de na cuntais seo.
- Gur nótáladh 3 thuairisc ón Iniúchóir Inmheánach sna réimsí seo a leanas:
    - Bainistíocht athruithe maidir le híocaíochtaí bainc. o Féichiúnaithe ÁIS.
    - Rialachas Corparáideach.
- Faomhadh an leagan is nua den Chlár Rioscaí.

**09. Ráiteas Caiteachais go 31 Márta 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí an 31 Márta 2024 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an buiséad fós ar sprioc.
- Go bhfuiltear fós ag obair ar réitigh do na fadhbanna maoinithe go leanúnach.

**10. Comhfhreagras**

Ní raibh aon rud nua ann.

**11. Aon ghnó eile**

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leis an mBord agus leis an bhFeidhmeannas.

**12. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do chomhaltaí go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar a 28 Meitheamh 2024 i mBéal Feirste.

Regina Uí Chollatáin

_________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**16 Meán Fómhair 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024**

| | 26/01/24 | 08/03/24 | 26/04/24 | 28/06/24 | 13/09/24 | 01/11/24 | 13/12/24 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✗ | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | ✗ | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✗ | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | ✓ | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | ✓ | | | | |

**<u>Miontuairiscí ón 211ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 28 Meitheamh 2024 in oifig Fhoras na Gaeilge, Sráid na Banríona, Béal Feirste, agus ar líne ar Zoom</u>**

**<u>I láthair:</u>** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness, K. Ó hEadhra, L. Rushe, I. Ó Dochartaigh, D. Mac Cárthaigh, agus D. Ó Brolcháin.

**<u>Ar líne:</u>** F. Nic Giolla Chatháin, agus W. Majekodunmi.

**<u>Ag freastal:</u>** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, E. Ní Chorráin, agus K. Johnston (rúnaí miontuairiscí).

**<u>Leithscéalta:</u>** L. Ní Riada, C. Mac Giolla Mhín, M. Ní Chonghaile, N. Ní Chiaráin, agus S. Keating (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

*Bhí seisiún gan Feidhmeannas ag an mBord roimh an gcruinniú.*

**1. Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú, agus ghabh sí buíochas leis an bhFeidhmeannas as na socruithe réamhchruinnithe a dhéanamh.

Chuir an Cathaoirleach dea-ghuí an Bhoird chuig N. Ní Chiaráin agus í ag súil le páiste, agus thréaslaigh sí a bhfeachtais do na toghcháin áitiúla le déanaí le C. McGuinness agus le K. Ó hEadhra.

**2. Gnó an Chathaoirligh**

*Tháinig W. Majekodunmi i láthair an chruinnithe ar líne ag an bpointe seo.*

Luaigh an Cathaoirleach go raibh nóta scaipthe aici ar chathaoirligh na gCoistí Boird le riachtanais a mheabhrú dóibh maidir le cúrsaí rialachais.

Bhí plé ann ar na ceisteanna seo a leanas a ardaíodh ag an seisiún gan Feidhmeannas:
- <u>Druidim na hOifige Poist sa Rinn</u> - <u>Obair feasachta pobail maidir le hAcht na dTeangacha</u>

**Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 26 Aibreán 2024**

Cuireadh na miontuairiscí ó Chruinniú Boird 26 Aibreán faoi bhráid an Bhoird agus moladh na leasuithe seo a leanas:
- <u>Leasú ar an mír faoin tuairisc ón gCoiste Iniúchta</u>: gur ball den Choiste Iniúchta, seachas Leas-Chathaoirleach an Choiste, a chuir Tuairisc an Chathaoirligh i láthair an Bhoird.
- <u>Leasú ar an gclár tinrimh</u>: go leasófaí an clár tinrimh lena léiriú nach raibh I. Ó Dochartaigh i láthair.

Glacadh leis na miontuairiscí.

## 3. Nithe ag éirí as na miontuairiscí

Thug an Príomhfheidhmeannach cuntas ar an gcruinniú le hAire Stáit na Gaeltachta le déanaí agus chuir sé in iúl go bhfuil tuiscint ag an Aire anois ar an tsáinn mhaoinithe ina bhfuil an eagraíocht. Tuairiscíodh gur dhírigh an cruinniú sin ar na cistí maoinithe atá go hiomlán faoi smacht an Aire, seachas maoiniú bonnlíne Fhoras na Gaeilge, agus iarradh ar an Aire Stáit an fhéidearthacht a fhiosrú go maoineofaí scéimeanna pobail Fhoras na Gaeilge tríd an allúntas imfhálaithe don Phróiseas Pleanála Teanga.

Cuireadh in iúl gur fhaomh an CATT pleananna gnó agus corparáideacha Fhoras na Gaeilge go siarghabhálach ag a gcruinniú ag deireadh mhí Bealtaine, go ndearnadh cur i láthair ar an nGaelbhratach agus ar an Scoil Spreagtha, agus nár fógraíodh aon rud maidir le buiséad Fhoras na Gaeilge ná leis na trí fholúntais ar an mBord.

## 4. Baol Coimhlint Leasa

Nochtadh na baoil choimhlinte leasa seo a leanas:
- Go bhfuil baol coimhlint leasa ag P. Deeds, Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais i dtaca le Scéim na nImeachtaí Óige agus le Scéim na bhFéilte.

## 5. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Bhí plé ar na ceisteanna seo a leanas:
- An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge: Tuairiscíodh go raibh 3 chruinniú den Choiste ann le déanaí agus an tuairisc reachtúil á cur le chéile. Cuireadh in iúl go gcuirfear an tuairisc faoi bhráid an Aire ina dhá cuid: tuairisc agus achoimre ar na príomh-mholtaí, agus plean gnímh níos mionsonraithe ina dhiaidh sin.
- Comharthaíocht dhátheangach i lárionad iompair Bhéal Feirste: Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag an bhFeidhmeannas le foireann bhainistíochta Translink faoi cheist na comhtharthaíochta dátheangaí sa lárionad agus cuireadh in iúl go bhféadfadh Foras na Gaeilge ról feasachta a ghlacadh maidir leis an gceist.
- Cruinniú le Stiúrthóirí Gaeilge na Ranna Coimircíochta: Tuairiscíodh gur pléadh socruithe maoinithe Fhoras na Gaeilge leis an mbeirt stiúrthóirí Gaeilge sna Ranna Coimircíochta agus gurb é an chuma atá ar an scéal nach mbeadh an Roinn ó thuaidh ag cur le maoiniú bonnlíne na heagraíochta.
- Cruinniú le COGG maidir le soláthar téacsleabhar: Tuairiscíodh go mbeidh cás gnó ar acmhainní breise á chur faoi bhráid na Roinne Oideachais ó dheas le téacsleabhair mheánscoile a sholáthar.
- Cruinniú idir an bhFeidhmeannas agus ionadaithe ceardchumainn: Soiléiríodh gur cruinniú rialta le hionadaithe ceardchumainn a bhí ann. Dearbhaíodh freisin gur tionóladh

cruinniú leis na hionadaithe ceardchumainn leis an scéal faoi léas oifig Bhéal Feirste a chur in iúl.

Glacadh leis na moltaí seo a leanas:

- Nótáil an Bord a gcinneadh ar an 13 Aibreán 2023 €32,000 sa bhliain a cheadú d'Oireachtas na Gaeilge leis na Gradaim Foilsitheoireachta a riar in 2023, agus dearbhaíodh gur chuimsigh an cinneadh sin na blianta 2024 agus 2025, agus gur chóir tagairt dá réir sin a bheidh sna miontuairiscí ón chruinniú sin. - Glacadh leis na cinntí athdháilte.
- Glacadh le moladh conradh trí bliana, ar luach €38,008.85 móide CBL sa bhliain, a bhronnadh ar Spectrum chun leabhair a stóráil faoi rialú teochta.
- Tugadh suntas do dhá thuairisc faoi fheachtais ar líne a reáchtáladh le déanaí: Creidim Ionat agus Scéal na nGael. Cuireadh in iúl go ndéanfaí cur i láthair don Bhord ar thorthaí Chreidim Ionat ag cruinniú mhí Mheán Fómhair.
- Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

**6. Moltaí maidir le tionscadal an fhoclóra**

*Tháinig Eagarthóir Sinsearach thionscadal an fhoclóra, P. Ó Mianáin agus Bainisteoir Tionscadail an fhoclóra, C. Breathnach i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.*

Rinne P. Ó Mianáin agus C. Breathnach cur i láthair don Bhord ar staid reatha thionscadal an fhoclóra agus cuireadh dhá mholadh faoi bhráid an Bhoird:

- Ollbhuiséad an tionscadail foclóireachta a mhéadú €250,000 (€50,000 sa bhliain) ó €2,500,000 go €2,750,000 le híoc as seirbhísí eagarthóireachta sinsearaí a bhíodh á gcur ar fáil roimhe seo ag baill foirne, ach a chaithfí a cheannach go seachtrach anois. Tuairiscíodh go raibh maoiniú go leor ar fáil sa mhaoiniú imfhálaithe atá curtha ar fáil don tionscadal leis na costais seo a chlúdach.
- Soláthar breise buiséid ar luach €75,000 chun tabhairt faoi fheabhas teicniúil ar shuíomh gréasáin Foclóir.ie sula gcuirfear ábhar an fhoclóra Gaeilge-Béarla agus an fhoclóra aonteangaigh ar an suíomh in 2025. Ach cead an Bhoird a bheith ann, bheadh an soláthar breise seo ag brath ar mhaoiniú breise imfhálaithe ón Roinn ó dheas.

Dearbhaíodh nach bhfuil sé beartaithe faoi láthair leaganacha clóite de na foclóirí Gaeilge-Béarla agus Gaeilge-Gaeilge a sholáthar.

*Gabhadh buíochas le P. Ó Mianáin agus C. Breathnach agus d'fhág siad an cruinniú.*

Glacadh leis an dá mholadh.

Aontaíodh cúpla leasú ar chlár an chruinnithe.

**Glacadh sos ag an bpointe seo.**

## 7. Cur i láthair don Bhord ón Dr Pádraig Ó Duibhir

*Tháinig an Dr P. Ó Duibhir i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.*

Rinne an Dr Ó Duibhir cur i láthair don Bhord ar an bpleanáil teanga chomhtháite, agus bhí plé ina leith. Thrácht sé ar an tábhacht a bhain le cur chuige ag leibhéal an stáit a chuimseodh gach gné den teanga, cur chuige a léiríodh sa léaráid ag UNESCO ar na riachtanais a bhain le beocht theangacha mionlaithe. Dearbhaíodh go gcuirfí cóip de na sleamhnáin ar fáil i ndiaidh an chruinnithe.

*Gabhadh buíochas leis an Dr P. Ó Duibhir agus d'fhág sé an cruinniú.*

## 8. Tuairisc ó Choistí an Bhoird

### a. An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Tagairtí d'Fhoras na Gaeilge sna meáin.
- Tuairiscí leathbhliana feidhmíochta ón bhFeidhmeannas.
- An córas comhtháite deontais.
- An próiseas comhairliúcháin ar an Treo Straitéiseach don tréimhse 2025-2030.

Ghabh Cathaoirleach an Choiste a bhuíochas leis an bhFeidhmeannas as an obair atá idir lámha acu faoi láthair.

Fiosraíodh an raibh na deacrachtaí leis an gcóras comhtháite deontais réitithe agus cuireadh in iúl go bhfuil na hathruithe is déanaí á dtástáil faoi láthair.

### b. Coiste na nDeontas

*D'fhág P. Deeds an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.*
Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste, agus ghabh sé buíochas leis an bhFeidhmeannas as na moltaí maoinithe a bheith leagtha amach ar ardchaighdeán.

- <u>Scéim na bhFéilte:</u> Glacadh le moladh maoiniú £15,978 agus €5,250 a chur ar fáil do 38 deontaí faoi ghlaoch 2 de Scéim na bhFéilte.
- <u>Scéim na nImeachtaí Óige 2024/25:</u> Glacadh le moladh maoiniú €338,409.65 a chur ar fáil do 81 deontaí faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2024/25.

*D'fhill P. Deeds ar an gcruinniú ag an bpointe seo.*

- <u>Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthar Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí:</u> Glacadh le moladh maoiniú £120,000 thar thréimhse 3 bliana a chur ar fáil do Naíscoil an Phiarsaigh faoin gCiste Infheistíochta do Bhunú Soláthar Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí.

### c. An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Leasuithe ar an bplean iniúchta inmheánaigh de bharr brú foirne.
- Clár Rioscaí Fhoras na Gaeilge.
- An Chairt Seirbhíse athbhreithnithe.
- An t-iniúchadh ar Chuntais 2022 agus 2023.
- Cuireadh an Clár Rioscaí reatha faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis.
- Cuireadh an Chairt Seirbhíse athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird agus glacadh léi.
- Cuireadh in iúl go scríobhfadh Cathaoirleach an Coiste Iniúchta litir chuig an ArdReachtaire faoin moill leis an iniúchadh ar Chuntais 2022 & 2023.

**d. An Coiste Forbartha**

Chuir Leas-Chathaoirleach an Choiste tuairisc an Chathaoirligh i láthair an Bhoird agus bhí plé ann faoi stráitéis tionchair a d'fhéadfaí a fhorbairt maidir le cúrsaí maoinithe.

Aontaíodh go gcuirfí na tuairimí éagsúla a léirigh Comhaltaí san áireamh agus dara dréacht den cháipéis á ullmhú, go gcuirfí san áireamh na féidearthachtaí a bhain le ról na gcomhaltaí Boird, agus go gcuirfí leagan leasaithe faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú Boird eile.

*D'fhág F. Nic Giolla Chatháin agus W. Majekodunmi an cruinniú ag an bpointe seo.*

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirligh agus le comhaltaí na gcoistí, agus le baill na hArdbhainistíochta as a gcuid oibre leis na coistí.

**9. Páipéar ar an Scéim Tharmligin**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha páipéar míniúcháin ar an Scéim Tharmligin faoi bhráid an Bhoird mar eolas.

**10. Páipéar ar an bpróiseas athdháilte**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha páipéar míniúcháin ar an bpróiseas athdháilte faoi bhráid an Bhoird mar eolas.

**11. Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2024 faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis. Tuairiscíodh go bhfuil ioncam ÁIS rud beag taobh thiar ón staid ina raibh sé anuraidh.

**12. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**13. Aon Ghnó Eile**

Tugadh suntas don scéal go bhfuil Cathaoirleach nuacheaptha ar Bhord Údarás na Gaeltachta agus iarradh go ndéanfaí socruithe go mbeadh comhchruinniú idir Boird Údarás na Gaeltachta agus Fhoras na Gaeilge ag Oireachtas na Samhna i mbliana arís.

Cuireadh in iúl don Bhord go bhfuil an comhairliúchán poiblí ar an Treo Straitéiseach faoi lánseol faoi láthair agus iarradh ar an mBord an scéal a scaipeadh ar a dteagmhálacha.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le comhaltaí boird Fhoras na Gaeilge agus le foireann Fhoras na Gaeilge ach go háirithe as a gcuid oibre.

Chuir an Cathaoirleach críoch leis an chruinniú.

Regina Uí Chollatáin

______________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**11 Samhain 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024**

| | 26/01/24 | 08/03/24 | 26/04/24 | 28/06/24 | 13/09/24 | 01/11/24 | 13/12/24 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | | | |

**Miontuairiscí ón 212ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 13 Meán Fómhair 2024 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath agus ar Zoom**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), L. Ní Riada, K. Ó hEadhra, L. Rushe, I. Ó Dochartaigh, M. Ní Chonghaile, D. Mac Cárthaigh, agus W. Majekodunmi.

**Ar líne:** N. Ní Chiaráin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta, agus Téarmaíochta), agus S. Keating (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

**Leithscéalta:** C. Mac Giolla Mhín, C. McGuinness, F. Nic Giolla Chatháin agus D. Ó Brolcháin.

*Bhí seisiún gan feidhmeannas ann roimh an gcruinniú.*

**1. Fáilte**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ag an gcruinniú.

**2. Gnó an Chathaoirligh**

- Míníodh go mbeidh Cruinniú Institiúideach den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas ar siúl inniu an 13 Meán Fómhair.
    - Luadh go mbeifí ag iarraidh a chinntiú go mbeadh plé faoi Fhoras na Gaeilge ina chuid lárnach de na cruinnithe seo agus go mbeidh an plé seo ann i gcomhthéacs fhorbairt na tíre agus i gcomhthéacs na comhpháirtíochta.
    - Dúradh go bhfuiltear ag súil le hainmniúcháin do Bhord Fhoras na Gaeilge ón Rialtas ó dheas ag an gcruinniú.
    - Luadh go bhfuil comhalta Boird amháin eile le hainmniú ó thuaidh agus iarradh go bhfiosrófaí go hoifigiúil cén próiseas atá ann leis an gcomhalta nua ó thuaidh a ainmniú.

**3. Miontuairiscí 28 Meitheamh 2024**

Faomhadh na miontuairiscí ón 28 Meitheamh 2024.

**4. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

- Dúradh go bhfuil cruinniú beagnach deimhnithe le hÚdarás na Gaeltachta leis na socruithe do chomhchruinniú ag Oireachtas na Gaeilge 2024 a phlé.
- Míníodh go bhfuiltear fós ag iarraidh teacht ar dháta don chruinniú leis an Aire Oideachais.

- Luadh go raibh cruinniú maith ann leis an Aire Airgeadais ó thuaidh (Caoimhe Archibald CTR). Míníodh gur pléadh cúrsaí maoinithe Fhoras na Gaeilge agus gur glacadh leis an moladh níos mó solúbthachta a chur ar fáil maidir leis an gcóimheas maoinithe. Míníodh nach bhfuil deimhniú ann, ach go bhfuil moladh ag dul faoi bhráid na Ranna thuaidh theas maidir leis an gceist seo.
- Cuireadh in iúl don Bhord go mbeadh an foclóir úr ar líne le seoladh i Mí Dheireadh Fómhair 2025, nuair a bheadh 60% den ábhar réidh.
    - Beidh na socruithe don seoladh seo i dtaca le hionad de agus an mhórphearsa a dheanfaidh é le déanamh sna míonna atá romhainn.
    - Dúradh freisin go mbeidh sé i gceist ócáid eile seolta a bheith ann ag Oireachtas na Gaeilge 2025.
- Luadh go bhfuarthas 20 aighneacht agus 73 fhreagra ar an suirbhé a scaipeadh do Threo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge.
- Luadh go mbeadh Naíscoil an Phiarsaigh, ar chuir Foras na Gaeilge tacaíocht mhaoinithe ar fáil di, le hoscailt i nDoire i mí Dheireadh Fómhair.
- Luadh go bhfuil bunú Bhunscoil na Seolta curtha siar go Meán Fómhair 2025 anois.

## 5. Baol coimhlintí leasa

Nochtadh na baoil choimhlint leasa seo a leanas:

- P. Deeds, Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, le Scéim Ionad Pobal Gaeilge.

## 6. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Bhí plé ar na ceisteanna seo a leanas:

- Iniúchadh SWiFT 3000 ar rialachas corparáideach Fhoras na Gaeilge: Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go ndearnadh an gnáth-iniúchadh leathbhealaigh, gur éirigh go maith linn, agus go mbeidh athbhreithniú iomlán ann in 2025.
- Oifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste: Luadh go mbeidh deireadh lenár léas i dtús 2025, agus go bhfuil 6 mhí ann le hoifig nua i mBéal Feirste a fháil. Míníodh go mbeidh socruithe ann don fhoireann le hobair ó chian mura n-éiríonn linn oifig a fháil in am. Rinneadh plé gairid ar an ábhar, agus dearbhaíodh go bhfuil cinneadh le teacht ar ais chuig an mBord tar éis ionchur a bheith ag an dá Roinn agus an fhoireann faoin áit a mbeidh an oifig.

- Painéal earcaíochta le haghaidh earcú Coimisinéir Teanga don Ghaeilge agus Choimisinéir na hUltaise agus traidisiún na Breataine Uladh: Luaigh an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais go bhfuil painéal earcaíochta á chur le chéile.

- Creidim Ionat: Rinneadh comhghairdeas leis an fhoireann as an mbua a bhí ag Creidim Ionat ag na Digital Media Awards, agus tugadh ardmholadh don fheachtas.

- Rinneadh tagairt do mholtaí maidir le deontais a bheadh ag teacht faoi bhráid Choiste na nDeontas agus an Bhoird ag an chéad chruinniú eile:
  - An chéad bhabhta eile den Scéim Raidió Pobail 2025 – 2027
  - East Belfast Mission - Turas - 'Awakening Our Shared Heritage' 2025-2027

- An Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta: Míníodh gur cuireadh moill ar an suirbhé don luacháil de bharr cúiseanna dosheachanta, ach go bhfuil sé le dul beo ar an 13 Meán Fómhair 2024.

- Seimineár gréasáin de chuid RTÉ le heolas a chur ar fáil do chomhlachtaí maidir le fógraíocht i nGaeilge: Míníodh go raibh seimineár ann mar gheall ar chaighdeán na bhfógraí a bhí ann le déanaí. Dúradh gur léiríodh an-suim ann agus go rabhthas ag iarraidh an fhadhb a thuiscint agus a réiteach.

- Taighde an Lár-Ionaid um Léann Trasteorann agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh ar thionchar obair na bhForas Thuaidh Theas thar an 25 bliain ó bunaíodh iad: Cuireadh in iúl don Bhord go raibh an tionscadal taighde seo á mhaoiniú faoi PeacePlus, agus go mbeadh tuarascáil á seoladh ag roinnt ócáidí ó thuaidh agus ó dheas idir seo agus deireadh na bliana.

- Ceadaíodh úsáid Shéala Fhoras na Gaeilge ar an 'géilleadh' léasa a ghabhann leis an seomra stórais in oifig Ráth Chairn ag eascairt as an obair chothabhála.

- Faomhadh Conarthaí Óstála, Forbartha agus Eagarthóireachta an Choiste Téarmaíochta.

**7. Cur i láthair ar athbhreithniú molta ar Shéideán Sí (Eagarthóir Sinsearach Muiris Ó Raghallaigh)**

*Rinne Muiris Ó Raghallaigh, Eagarthóir Sinsearach An Gúm, cur i láthair ar athbhreithniú molta ar Shéideán Sí do gach duine. Luadh na rudaí seo a leanas:*

- Cuireadh roinnt ceisteanna faoin gcur i láthair a bhain le canúintí agus leaganacha caighdeánaithe, agus faoin ábhar a chur in oiriúint don churaclam ó thuaidh.
- Gabhadh buíochas le M. Ó Raghallaigh as an gcur i láthair.

**8. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a. An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Tagraíodh d'eachtra haiceála a tharla i mí Iúil 2024 – go bhfuarthas rochtain neamhúdaraithe ar chuntas ríomhphoist baill foirne, agus mhínigh sí gur chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc chuimsitheach i láthair an Choiste ina leith.
    - Luadh gur íocadh airgead le cuntas bainc bradach, agus go ndearnadh fioscaireacht ó chuntas ríomhphoist de chuid Fhoras na Gaeilge. Dearbhaíodh go bhfuil an fhioscaireacht tuairiscithe don dá chomhlacht (ó dheas agus ó thuaidh) a bhíonn ag plé le cosaint sonraí.
    - Míníodh go bhfuil fiosruithe ar siúl le Banc na hÉireann agus ag na Gardaí Síochána go bhfuil athbhreithniú ar siúl ar na socruithe slándála teicneolaíochta, go bhfuil tuairisciú déanta leis na Ranna Coimircíochta, agus go bhfuil cúrsaí árachais á bhfiosrú.
    - Míníodh go raibh cailteanas faoi bhun €25k i gceist.

**b. Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste.

- Nuashonrú ar an Treo Straitéiseach.
    - Luadh go raibh deireadh leis an gcomhairliúchán ar an 6 Meán Fómhair 2024 agus go bhfuil 2 chruinniú ar líne agus 2 chruinniú ar an láthair le bheith ann anois.
- Dréachtscéim Chomhionannais an Fhorais Teanga.
    - Luadh go mbeidh comhairliúchán 3 mhí ag tosú go luath ar an Dréachtscéim Chomhionannais.
- Uasdátú ar an bhFóram Forbartha Teanga.
    - Tugadh cead don Choiste na hainmniúcháin do na 24 bhall den Fhóram Forbartha teanga a fhaomhadh thar ceann an Bhoird ag cruinniú den Choiste roimh an gcéad Chruinniú Boird eile, agus tuairisc a chur ar fáil don chéad Chruinniú Boird eile.

**c. Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Chuir sé in iúl go bhfuarthas tuairisc le rátáil ghlas ón Iniúchóir Inmheánach faoin gcaoi a gcoinníonn Foras na Gaeilge taifead ar ioncam maoinithe ó na Ranna.
- Faomhadh an polasaí maidir le húsáid cárta creidmheasa corparáideach Fhoras na Gaeilge a bhí á mholadh ag an gCoiste Iniúchta.
- Faomhadh an polasaí maidir le húsáid cárta creidmheasa corparáideach Áis a bhí á mholadh ag an gCoiste Iniúchta.
- Faomhadh Clár Rioscaí Lúnasa 2024.

**d. Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:
*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág P. Deeds de bharr baol coimhlint leasa.*

*Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhág M. Ní Chonghaile, D. Mac Cárthaigh agus N. Ní Chiaráin an cruinniú.*

- Faomhadh síneadh ama ar an mbabhta reatha den Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge ó 01 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 leis an gciste deontais €360,051 don 16 dheontaí reatha (thíos), ag súil faoin am sin go mbeidh maoiniú breise ar fail a chuirfidh ar chumas an fheidhmeannais babhta athbhreithnithe den scéim a rith ó 2026 ar aghaidh.

| Ainm an Eagrais | Contae | € | Stg£ |
|---|---|---|---|
| Gael-Fhorbairt na Gaillimhe | Gaillimh | €25,000 | |
| Aonach Mhacha | Ard Mhacha | | £21,500 |
| An Droichead | Aontroim | | £21,500 |
| Glór na Móna | Aontroim | | £21,500 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | Doire | | £21,500 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | Aontroim | | £21,500 |
| Muintir Chrónáin Teo. | Baile Átha Cliath | €25,000 | |
| Conradh na Gaeilge An tAonach - CNAG | Tiobraid Árann | €25,000 | |
| Ionad Uíbh Eachach | Aontroim | | £20,000 |
| Craobh an Iúir - CnaG | An Dún | | £21,500 |
| Scoil na Fuiseoige | Aontroim | | £20,000 |
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar | An Dún | | £16,800 |
| Glór Dhún Geimhin | Doire | | £16,800 |
| Glór Léim an Mhadaidh | Doire | | £16,800 |
| Cumann Chluain Árd | Aontroim | | £16,800 |
| Craobh Inse Chór - Conradh na Gaeilge | Baile Átha Cliath | €10,400 | |
| | Iomlán | €85,400 | £236,200 |
| | Mór-iomlán | €360,051 | |

*Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhill P. Deeds.*

- <u>Maoiniú don dá Líonra Gaeilge ó thuaidh:</u> Míníodh nach bhfuil soláthar go leor ar fáil sa bhuiséad i mbliana leis an €96,000 (£83,520) a chur ar fáil faoi láthair le go mbeadh an leibhéal céanna maoinithe ar fáil do na líonraí ó thuaidh agus atá do na líonraí ó dheas. Moladh go gcuirfí maoiniú 6 mhí ag an leibhéal nua (£41,760) ar fáil leis an spás a thabhairt dúinn teacht ar an ardú i mbuiséid na bliana 2025. Is ar mhaithe le cur i bhfeidhm na chéad sé mhí de bhliain a trí den phlean teanga aontaithe a faomhadh an maoiniú. Is mar seo thíos na méideanna:

| Iarratasóir | Deontas Molta |
|---|---|
| Glór na Móna (Iarthar Bhéal Feirste) | £41,760 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair (Carn Tóchair) | £41,760 |

- Faomhadh ciste d’uasmhéid €65,000 do Chomhairle na Gaelscolaíochta le haghaidh feachtais mhargaíochta a reáchtáil in 2024 chun an réamhscolaíocht agus an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn ó thuaidh agus faomhadh ciste d’uasmhéid €40,000 do Ghaeloideachas do thionscadal forbartha agus ardaithe feasachta dírithe ar an réamhscolaíocht ó dheas.

**9. Ráiteas Caiteachais go 31 Lúnasa 2024**
*Ag an bpointe seo den chruinniú, d’fhág L. Ní Riada.*

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2024 faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis.

**10. Comhfhreagras**
Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**11. Aon ghnó eile**
Moladh do dhaoine teagmháil a dhéanamh le S. Keating maidir le lóistín ag Oireachtas na Gaeilge 2024.

Luadh go mbeidh Comhdháil Phleanála Teanga ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an 31 Meán Fómhair agus an 1 Deireadh Fómhair.

**12. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Áirne ar an 1 Samhain 2024.

Regina Uí Chollatáin

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**16 Nollaig 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024**

| | 26/01/24 | 08/03/24 | 26/04/24 | 28/06/24 | 13/09/24 | 01/11/24 | 13/12/24 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | 5/5 |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | | | 3/5 |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | 4/5 |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | 4/5 |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | | | 3/5 |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | 4/5 |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | | | 3/5 |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | 5/5 |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 4/5 |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 3/5 |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | | 3/5 |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | 4/5 |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | | | 4/5 |

**Miontuairiscí ón 212ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 1 Samhain 2024 i Svuít 5, Óstán Gleneagle, Bóthar Mhucrois, V93 V6WF, Cill Áirne.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), L. Ní Riada, K. Ó hEadhra, L. Rushe, I. Ó Dochartaigh, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi, N. Ní Chiaráin, M. Ní Ghabháin agus G. Ní Chionnaith.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta, agus Téarmaíochta), agus S. Keating (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

**Leithscéalta:** C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, D. Mac Cárthaigh agus D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach).

**01. Fáilte**

Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair agus cuireadh fáilte faoi leith roimh na comhaltaí Boird nua M. Ní Ghabháin agus G. Ní Chionnaith.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas le Foras na Gaeilge as an gComhdháil Pleanála Teanga a bhí ar siúl ar an 30 Meán Fómhair agus 01 Deireadh Fómhair 2024.

**03. Miontuairiscí 13 Meán Fómhair 2024**

Rinneadh mionleasú ar na miontuairiscí agus glacadh leo.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Go bhfuil folúntas amháin ar Bhord Fhoras na Gaeilge go fóill. Go bhfuil litir scríofa chuig an CATT ag iarraidh a fháil amach an bhfuil ainmniúchán le bheith ann ag an gcéad chruinniú eile den CATT.
- Go bhfuil cinneadh le déanamh go fóill i leith na gcomhaltaí Boird a mbeidh deireadh lena dtréimhse ag teacht i mbliana.
- Go bhfuil cás gnó i dtaca le hoifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste á chur le chéile agus go seasann deireadh Eanáir 2025 mar an sprioc le bogadh.
- Go bhfuil cead faighte ón Roinn Oideachais Bainisteoir Tionscadail a cheapadh le tabhairt faoi athbhreithniú Shéideán Sí.
- Gur éirigh go geal leis an gComhdháil Pleanála Teanga. Go raibh ionadaithe ó an-chuid earnálacha ann. Go bhfuarthas ardmholadh agus go mbeidh cainteanna a bhí ann á gcur ar líne de réir a chéile ar Gaelphobal.ie.

## 05. Baol coimhlintí leasa

Chláraigh na comhaltaí seo a leanas baol coimhlint leasa:

- An Cathaoirleach le cáipéisí Scéim Raidió Pobal

De bharr nach raibh an Leaschathaoirleach i láthair, aontaíodh go nglacfadh I. Ó Dochartaigh ról an Chathaoirligh agus cáipéisí Scéim Raidió Pobail á bplé.

## 06. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:

- Go raibh cruinniú an-mhaith ann leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin. Go raibh sí an-dearfach i leith na Gaeilge agus gur mhol sí obair Fhoras na Gaeilge.
- Go bhfuil taighde ar siúl anois mar chuid de chomóradh 25 bliain de na Forais Thuaidh Theas a bhfuil Foras na Gaeilge mar chuid de.
- Rinneadh comhghairdeas leis an bhfoireann foclóireachta as an aitheantas atá á fháil acu go hidirnáisiúnta.
- Cuireadh an cheist an mbeidh searmanas bronnta ann do Shéala an Aistriúcháin. Luadh go ndéanfaí iarracht ócáid a eagrú roimh dheireadh na bliana, agus go bhfuiltear ag iarraidh grúpa eile a chur tríd an Séala in 2025 agus searmanas bronnta a dhéanamh chomh maith dóibh sin.
- Fiosraíodh an féidir cúrsaí tithíochta a phlé ag Fóram Pleanála Teanga na nÚdarás Áitiúil.
- Iarradh cóip den taighde ar dhearcthaí ar an Ghaeilge 2013 a chur ar Governance mar eolas do chomhaltaí.
- Faomhadh conradh Choláiste na Tríonóide (€244,928.67) chun mórthionscadal taighde a dhéanamh ar dhearcadh an phobail i leith na Gaeilge.

## 07. Cur i láthair

*Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig A. Davitt, Clárbhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht isteach sa chruinniú le cur i láthair ar Creidim Ionat 2024 a dhéanamh agus bhí plé ann.*

- Fiosraíodh arbh fhéidir leanúint leis na hiarrachtaí comhoibrithe leis an bpobal a dhéanamh sna chéad bhabhtaí eile amach anseo.

## 08. Comhairliúchán na Comhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta(NCCA)

Pléadh Comhairliúchán na Comhairle Naisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) agus luadh na rudaí seo a leanas:

- Cuireadh an Bord ar an eolas go bhfuil sé i ndiaidh teacht chun solais go bhfuil an CNCM ag beartú ceist a chur i gcomhairliúchán ar an tSraith Shinsearach maidir le foghlaim na Gaeilge mar chuid den chroí-churaclam don tSraith Shinsearach.
- Go ndearnadh iarracht roinnt blianta ó shin, ar theip uirthi, comhairliúchán a dhéanamh ag leibhéal polaitiúil, ach gur cosúil go raibh an CNCM ag beartú tabhairt faoi seo gan aon chomhthéacs polaitiúil anois.
- Míníodh gur léir nach bhfuil mórán daoine ar an eolas go bhfuil sé seo á bheartú.

- Dúradh go bhfeictear go bhfuil an Ghaeilge bainte den churaclam cheana féin i roinnt scoileanna de bharr easpa múinteoirí a bhfuil Gaeilge acu.
- Aontaíodh go seolfaí litir chuig an Aire Oideachais agus chuig an Aire Stáit don Ghaeilge agus don Ghaeltacht, agus chuig na hArd-Rúnaithe sa dá roinn ag lorg cruinnithe ina mbeidh an cheist le plé.

**09. Tuairiscí ó Choistí an Bhoird**

**a. An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste.

- Dréacht deiridh de Phlean Gnó 2025 Fhoras na Gaeilge.
    - Faomhadh an dréacht deiridh de Phlean Gnó 2025 Fhoras na Gaeilge.
- Treochlár Aeráide Fhoras na Gaeilge
    - Faomhadh Treochlár Aeráide Fhoras na Gaeilge.
- Straitéis tionchair Fhoras na Gaeilge
    - Faomhadh an straitéis le tionchar a bheith againn ar cheisteanna a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge ag leibhéal an Rialtais.

**b. An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Chuir sé in iúl go bhfuarthas tuairisc le rátáil ghlas ón Iniúchóir Inmheánach maidir le córas agus próisis mhaoinithe na gCeanneagraíochtaí.
- Faomhadh Clár Rioscaí Dheireadh Fómhair 2024.
    - Míníodh go raibh iarrtha ag ball seachtrach ar an gCoiste Iniúchta go mbeidh na rudaí a bheidh le déanamh ag an bhfeidhmeannas le rioscaí a laghdú curtha leis an gclár rioscaí.

**c. An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Dúradh gur tugadh nuashonrú don choiste ar na bearta atá á nglacadh maidir leis an eachtra haiceála;
- Dúradh gur labhair an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais ar roghanna a bhaineann le gan Gaeilge a bheith ina croí-ábhar ar shiollabas na sraithe sinsearaí a bhí san áireamh sa chomhairliúchán atá beartaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
- Míníodh go bhfuil dul chun cinn déanta leis an gCóras Comhtháite Iarratas.

**d. Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Ceanneagraíochtaí - Maoiniú 2025
    - Cheadaigh an Bord an maoiniú seo a leanas do na Ceanneagraíochtaí ainmnithe.

| Ainm | Méid molta do 2025 |
|---|---|
| Conradh na Gaeilge | €867,457 |
| Cumann na bhFiann | €775,136 |
| Gael Linn | €675,183 |
| Gaeloideachas | €738,562 |
| Glór na nGael | €1,123,615 |
| Oireachtas na Gaeilge | €647,594 |

- Cuireadh an cheist an bhfuil an buiséad mar a bhí sé i 2023 agus míníodh go bhfuil.
- Cuireadh an cheist an mbeidh measúnú á dhéanamh ar fheidhmíocht Chumann na bhFiann ó thuaidh agus míníodh go bhfuil coinníoll ina gconradh go gcaithfidh siad teacht ar ais le plean earcaíochta do na poist nach bhfuil líonta ó thuaidh.

- Misean Oirthear Bhéal Feirste
  - Cheadaigh an Bord deontas trí bliana £189,000 do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste briste síos mar a leanas:

| BLIAIN | 1 | 2 | 3 | |
|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **£63,000** | **£63,000** | **£63,000** | **£189,000** |

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág an Cathaoirleach de bharr baol coimhlint leasa agus ghlac I. Ó Dochartaigh ról an Chathaoirligh.*

- Scéim Raidió Pobail 2025-2027
  - Cheadaigh an Bord deontas €840,000 do Raidió na Life mar mhaoiniú trí bliana briste síos mar a leanas:

| BLIAIN | 1 | 2 | 3 | |
|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **€280,000** | **€280,000** | **€280,000** | **€840,000** |

  - Cheadaigh an Bord deontas €840,000 do Raidió Fáilte Teo mar mhaoiniú trí bliana briste síos mar a leanas:

| BLIAIN | 1 | 2 | 3 | |
|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **£240,800** | **£240,800** | **£240,800** | **£722,400** |

  - Ardaíodh ceist maidir leis na fadhbanna tráchtála atá ag Raidió na Life mar gheall ar fhadhbanna aerchóirithe. Míníodh go bhfuil fiosruithe déanta agus iarratas curtha isteach chuig an RTCEGS&M ina leith.

*Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhill an Cathaoirleach.*

- Lá Domhanda na Leabhar
  - Cheadaigh an Bord go gcuirfidh Clár na Leabhar Gaeilge €15,000 ar fáil don tSnáthaid Mhór leis an leabhar 'Ag Buzzáil sa Ghairdín' le hÁine Ní Ghlinn, arna mhaisiú ag Mr Ando, a chur ar fáil do Lá Domhanda na Leabhar 2025.

- Maoiniú do Choiscéim 2024
    - Cheadaigh an Bord maoiniú, suas go €50,000, do Choiscéim do 2024 ar na coinníollacha seo a leanas:
        - Gur maoiniú eatramhach atá ann do 2024 amháin a bheidh i gceist.
        - Go mbeadh maoiniú eisceachtúil do 2025 agus do 2026 (tréimhse iomlán Scéim na Foilsitheoireachta 2024-2026) ag brath ar mhaoiniú agus ar dhul chun cinn le linn 2024.

**10. Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Meán Fómhair 2024 faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis.

**11. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**12. Aon ghnó eile**

Ghabh an Cathaoirleach comhbhrón le M. Ní Ghabháin thar cheann an Bhoird ar bhás a hathar le gairid, agus glacadh le rún comhbhróin léi.

Luadh go bhfuil cruinniú den Fhoras Teanga á shocrú agus go bhfuil Cuntais 2022 le faomhadh ag an gcruinniú sin.

**13. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl in Ard Mhacha ar an 13 Nollaig 2024.



**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**10 Márta 2025**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024**

| | 26/01/24 | 08/03/24 | 26/04/24 | 28/06/24 | 13/09/24 | 01/11/24 | 13/12/24 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/6 |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | | 3/6 |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 5/6 |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | 4/6 |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | | 4/6 |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | 5/6 |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | | 4/6 |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/6 |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | | 5/6 |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | | 3/6 |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | | 4/6 |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | | 5/6 |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | 4/6 |
| M. Ní Ghabháin | - | - | - | - | - | ✓ | | 1/1 |
| G. Ní Chionnaith | - | - | - | - | - | ✓ | | 1/1 |

**<u>Miontuairiscí ón 213ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 13 Nollaig 2024 in Aonach Mhacha, 74-76 Sráid na nGall, Ard Mhacha, BT61 7LG</u>**

**<u>I láthair</u>:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, L. Rushe, I. Ó Dochartaigh, C. Mac Giolla Mhín, M. Ní Chonghaile, M. Ní Ghabháin agus G. Ní Chionnaith.

**<u>Ag freastal</u>:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta, agus Téarmaíochta), agus S. Keating (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

**<u>Ar líne:</u>** L. Ní Riada, F. Nic Giolla Chatháin.

**<u>Leithscéalta</u>:** D. Ó Brolcháin (Leaschathaoirleach).

*Bhí seisiún gan feidhmeannas ann roimh an gcruinniú Boird.*

**01. Fáilte**

Cuireadh fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Luaigh an Cathaoirleach na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuiltear an-sásta go raibh Foras na Gaeilge an-fheiceálach ag na hócáidí tras-teorann a bhí ar siúl le déanaí.
- Gur luadh ag an seisiún gan feidhmeannas roimh an gcruinniú go bhfuil baill an Bhoird imníoch faoin moill atá ar cheapacháin na gcomhaltaí nua Boird a fhágann an Bord le heaspa Comhaltaí agus deacrachtaí córam ag fochoistí dá bharr.
  - Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil teagmháil déanta leis an CATT maidir leis an gceist.
- Rinneadh comhghairdeas le C. McGuinness as a bheith tofa mar Theachta Dála.
- Faomhadh sceideal na gcruinnithe Boird do 2025.

**03. Miontuairiscí 1 Samhain 2024**

Rinneadh mionleasú ar na miontuairiscí agus glacadh leo.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Rinneadh trácht ar na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Luadh go bhfuil litir curtha chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais le buarthaí a léiriú maidir le comhairliúchán atá CNCM a bheartú ar churaclam nua na Sraithe Sinsearaí, agus go bhfuil buairt ann go gcuirfear ceist sa chomhairliúchán poiblí maidir le staidéar ar an nGaeilge a bheith mar chuid den chroí-churaclam.

- Nach mbeidh searmanas bronnta do Shéala an Aistriúcháin ar siúl in 2024 ach go bhfuiltear ag súil ócáid a eagrú in 2025.
- Gur cuireadh cóip den tuairisc ar dhearcthaí ar an nGaeilge 2013 ar fáil do chomhaltaí Boird ar *Governance* mar a iarradh ag an gcruinniú Boird ar an 1 Samhain.
- Go mbeidh 100,000 chóip de 'Ag Buzzáil sa Ghairdín' le hÁine Ní Ghlinn arna mhaisiú ag Mr. Ando á gcur ar fáil do siopaí leabhar mar chuid de cheiliúradh 'Lá Domhanda na Leabhar'.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**

Chláraigh na comhaltaí seo a leanas baol coimhlint leasa:

- G. Ní Chionnaith leis an tuairisc ar Creidim Ionat 2025
- L. Ní Riada leis an bplé ar ainmniúcháin do Sheanad Éireann
- An Cathaoirleach leis an tuairisc ar Creidim Ionat 2025
- M. Ní Ghabháin leis an gcáipéis ar an nGaelbhratach

De bharr nach raibh an Leas-Chathaoirleach i láthair, aontaíodh go nglacfadh L. Rushe ról an Chathaoirligh agus an tuairisc ar Creidim Ionat 2025 á plé.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:

- Gur thug an tAire Stáit Thomas Byrne cuairt ar oifigí Fhoras na Gaeilge i nDún Seachlainn agus go bhfuil maoiniú breise os cionn €1.5m fógartha d'fhoilsitheoireacht agus foclóireacht na Gaeilge
- Go raibh cruinniú ann le ceannasaí Chomhairle CLG na Mumhan agus gur míníodh go mbeidh deireadh ag teacht leis an maoiniú don tionscadal in 2025.
- Go raibh cruinniú fíorúil den Fhóram Forbartha Teanga nuabhunaithe ann i Mí na Samhna 2024 agus go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl i bpearsa.
- Go raibh an-ócáid ann ag bronnadh Ghradaim an Post ina raibh an Ghaeilge féin ina cuid lárnach.
- Gur seoladh nuachorpas na hÉireann (bailiúchán ábhar idir scríofa agus labhartha le meascán canúintí) in Ollscoil Chathrach Bhaile Átha Cliath (DCU) agus go mbeidh sé an-úsáideach don fhoclóir agus don teicneolaíocht, go háirithe i gcás an oideachais.
- Go mbeidh Foras na Gaeilge ag bogadh amach as a n-oifigí i mBéal Feirste go luath sa bhliain nua. Go bhfuil gearrliosta foirgneamh ann anois agus go bhfuil cás gnó á ullmhú faoi láthair a bheidh le ceadú ag an mBord agus ag na Ranna.
  - Ardaíodh ceist maidir leis an bhféidearthacht go nglacfadh Foras na Gaeilge oifigí ar cíos ó cheann de na hionaid Ghaeilge sa chathair.
  - Míníodh go raibh an fhéidearthacht sin ar an liosta fada roghanna a ndearna an fhoireann Ard-Bhainistíochta scagadh orthu, ach nár cuireadh ar an ngearrliosta í as siocair nach gcomhlíonfadh sí cuid de na bunchritéir a bhí leagtha síos (ionad neodrach o thaobh na polaitíochta agus an chreidimh de, teacht ar pháirceáil, cóngarach don chóras iompair phoiblí, agus tuairimí na foirne)
    - Míníodh go raibh baill foirne i láthair agus cuairt á tabhairt ar na roghanna d'oifig nua, go bhfuil na roghanna ar fad gar don chóras iompair agus do spásanna páirceála.

Dúradh go bhfuil na roghanna ar fad atá ar an ngearrliosta níos costasaí ná an cíos reatha, ach go bhfuil an t-ardú ag teacht leis an méid ama a d'imigh ó aontaíodh an léas deiridh.

    - Míníodh go mbeadh clásal briste sa léas nua le go mbeifear in ann teacht ar ais chuig an gceist nuair a bheidh cinneadh déanta maidir le hionad léirmhínithe Gaeilge i lár Bhéal Feirste.

- Go raibh an Príomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach i láthair Choiste Oifig an Fheidhmeannais ó thuaidh dírithe ar reachtaíocht Féiniúlachta agus Teanga.
- Go raibh cruinniú ann le hOifig an Ard-Reachtaire maidir leis an bpróiseas a bhaineann leis an iniúchadh ar na cuntais, agus leis an moill atá curtha le Cuntais 2022 agus 2023. Luadh gurbh í an litir a scríobh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta chuig Oifig an Ard-Reachtaire ba chúis leis an gcruinniú, agus go bhfuil dearbhuithe ann go mbeidh Oifig an Ard-Reachtaire i bhfad níos dírithe ar chuntais an Forais Teanga as seo amach.
- Go raibh an Cathaoirleach i láthair ag seoladh Phlean Teanga Chill Dara ar an 14 Samhain 2024.
- Fiosraíodh cá huair a bheadh plé ag tosú ar bhuiséad 2025, agus míníodh go mbeadh dréachtbhuiséad ag teacht faoi bhráid an Boird ag cruinniú Boird 31 Eanáir 2025.
- Aontaíodh go mbeadh dhá chruinniú sa bhliain ar a laghad de Choiste Colmcille, agus go gcuirfí tuairisc faoi bhráid an Bhoird dhá uair sa bhliain.
- Luadh go bhfuil iarratas déanta ar Translink comharthaíocht dhátheangach a chur ar fáil ag an mol iompair nua i mBéal Feirste, agus go mbeadh cruinniú eile ann sa bhliain nua.
- Míníodh gur chuir an Roinn Oideachais deontas aon uaire de €300,000 ar fáil d'Fhoras na Gaeilge chun tionscadal taighde agus áis tacaíochta do thuismitheoirí a fhorbairt. Luadh gur Gaeloideachas a bheadh ag tabhairt faoin tionscadal, agus go mbeifear ag iarraidh cur chuige uile-oileáin a chinntiú.
- Tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach i gcomhairle leis an gCathaoirleach leas a bhaint as an fhoráil a cheadaíonn gníomh práinneach sa Scéim Tharmligin, maidir le nithe a bheadh le ceadú roimh an gCruinniú Boird ar an 31 Eanáir 2025.
- Tugadh cead litir thairisceana a eisiúint agus deontas a cheadú do Ghaeloideachas don deontas aon uaire €300k.
- Tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach Séala Fhoras na Gaeilge a úsáid le comhaontú a dhéanamh leis an tiarna talún ar oifigí Bhéal Feirste (MRP NUH Limited) maidir le foirceannadh an léasa faoi 31 Eanáir 2025.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág an Cathaoirleach agus G. Ní Chionnaith de bharr baol coimhlint leasa agus ghlac L. Rushe ról an Chathaoirligh.*

- Cuireadh nóta eolais ar Creidim Ionat 2025 i láthair agus bhí plé ina leith. Luadh na rudaí seo a leanas:
    - Go raibh sé i gceist é a reáchtáil roimh dheireadh 2025.
    - Go mbeifear ag fáil luach as an gcomhpháirtíocht le RTÉ trí úsáid a bhaint as na sliotáin fhógraíochta ar na cainéil mhóra atá acu.
    - Go gcuirfidh Lorg Media tacaíocht bhreise ar fáil trí dhaoine mór le rá a aimsiú le bheith páirteach sa tionscadal mar a rinneadh cheana.
    - Go mbeifear ag teacht ar ais le moladh in 2025.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill an Cathaoirleach agus G. Ní Chionnaith.*

**07. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a. An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Cuireadh in iúl go bhfuarthas tuairisc le rátáil ghlas ón Iniúchóir Inmheánach.
- Faomhadh Clár Rioscaí Dheireadh Fómhair 2024.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág L. Ní Riada de bharr baol coimhlint leasa.*

**b. An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Go bhfuil gearrliostú déanta don ainmniúchán don Seanad.
  - Gur painéal de bheirt comhaltaí Boird nach bhfuil baint acu leis an bpolaitíocht, an Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus duine seachtrach a rinne seo.
  - Go mbeidh cur i láthair le déanamh ag na daoine ar éirigh leo sa chéad chéim.
- Go mbeidh cruinniú faoi leith ann le cuntais 2022 Fhoras na Gaeilge a fhaomhadh, agus leis an iarrthóir a ainmneofar do thoghcháin an tSeanaid a fhaomhadh.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill L. Ní Riada.*

**c. An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste.

- Scéim na Mórfhéile Litríochta (2025-2027)
  - Rinneadh mionleasú ar an gcáipéis agus faomhadh Scéim na Mórfhéile Litríochta (2025-2027).
- Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge
  - Moladh an obair atá déanta ar an gcáipéis.
  - Faomhadh Treo Straitéiseach Fhoras na Gaeilge.
  - Iarradh a fhiosrú an bhféadfaí achoimre fheidhmeach a chur ar fáil den Treo Straitéiseach.

**d. Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste:

- Scéim na nOifigeach Gaeilge
  - Faomhadh síneadh ama 12 mhí do na 3 dheontaí reatha (Comhairle Cathrach Dhoire & Ceantair an tSratha Báin, Comhairle Ceantair Fhear Manach & na hÓmaí, & Comhairle Cathrach Bhéal Feirste) faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge don tréimhse ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 de luach (£33,000) €38,000.
- Moltaí Scéim na Foilsitheoireachta
  - Míníodh go mbíonn feidhmíocht comhlachtaí foilsitheoireachta á meas agus maoiniú á chur ar fáil tríd an scéim.
  - Faomhadh úsáid an mhaoinithe bhreise a cuireadh ar fáil do Chlár na Leabhar Gaeilge sa bhliain 2024 do 2025 mar seo a leanas:

| Buiséad Scéim na Foilsitheoireachta (2024-2026) | |
|---|---|
| Buiséad Bonnlíne 2024 | €690,000 |
| *Maoiniú Aon Uaire 2023 (Le húsáid in 2024)* | €232,000 |
| Buiséad iomlán 2024 | €922,000 |
| Buiséad Bonnlíne 2025 | €690,000 |
| *Maoiniú Breise 2024 (Le húsáid in 2025)* | €232,000 |
| Buiseád iomlán 2025 | €922,000 |
| Buiséad Bonnlíne 2026 | €690,000 |
| Buiséad Iomlán na Scéime Foilsitheoireachta 2024 - 2026 | €2,534,000 |

- Faomhadh na méideanna céanna a cuireadh ar fáil do gach foilsitheoir sa bhliain 2024 a chur ar fáil don bhliain 2025 mar atá leagtha amach thíos:

| | **Ainm an Fhoilsitheora** | **Maoiniú 2024** | **Maoiniú 2025** | **Maoiniú 2026** |
|---|---|---|---|---|
| | | ***Ardchéim*** | | |
| 1 | Cló Iar-Chonnacht | €178,000 | €178,000 | €160,000 |
| 2 | Futa Fata/ Barzaz | €177,537 | €177,537 | €120,892 |
| | | | | 80% de mhaoiniú 2024 |
| 3 | Leabhar Breac | €77,000 | €77,000 | €61,600 |
| 4 | COMHAR | €48,480 | €48,480 | €39,072 |
| | | ***Meánchéim*** | | |
| | | | | 70% de mhaoiniú 2024 |
| 5 | An tSnathaid Mhór | €80,000 | €80,000 | €56,000 |
| 6 | Éabhlóid | €80,000 | €80,000 | €56,000 |
| 7 | Foilseacháin Ábhar Spioradálta | €72,000 | €72,000 | €50,400 |
| 8 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | €64,000 | €64,000 | €44,800 |
| 9 | My Irish Books | €62,820 | €62,820 | €43,974 |
| 10 | Arlen House | €36,000 | €36,000 | €25,200 |
| 11 | An Sagart | €28,803 | €28,803 | €20,162 |
| | | ***Bunchéim*** | | |
| | | | | 70% de mhaoiniú 2024 |
| 12 | Óga Yoga | €9,000 | €9,000 | €6,300 |
| 13 | The Weatherbies | €8,000 | €8,000 | €5,600 |
| | **Móriomlán:** | €922,000 | €922,000 | €690,000 |

- Nótaí Eolais – Cumann na bhFiann
  - Dúradh go bhfuil litir curtha chuig Cumann na bhFiann maidir lena mbearnaí foirne a bheidh le líonadh faoi dheireadh 2025.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág M. Ní Ghabháin de bharr baol coimhlint leasa.*

- Gaelbhratach

– Faomhadh deontais nach mó ná €120,000 a chur ar fáil do Ghael Linn don tréimhse 01/01/25 – 31/12/25 don scéim Gaelbhratach ar na coinníollacha thíos:

| | **Molta €<br>(01 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2025)** |
|---|---|
| **Tuarastail** | |
| Oifigeach - Bunscoileanna | |
| Oifigeach – Iar bhunscoileanna | |
| **Fo-Iomlán** | **€102,090** |
| Taisteal | €15,000 |
| Gnáthchostais reatha<br>(Cuntasóireacht & Árachas) | €2,000 |
| Suíomh idirlín | €910 |
| **Fo-iomlán** | **€17,910** |
| | |
| **Iomlán** | **€120,000** |

*Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill M. Ní Ghabháin.*

- An tÁisaonad
  – Faomhadh deontas £272,486 a chur ar fáil don Áisaonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire) don tréimhse 01 Eanáir 2025 go dtí 31 Nollaig 2025 ar na coinníollacha thíos:

| | 2025 Iomlán Molta<br>Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2025 |
|---|---|
| **Tuarastail** | £ |
| **Bainisteoir** | |
| **Comhairleoir Oideachais** | |
| **Eagarthóir** | |
| **Teicneoir** | |
| **Oifigeach Riaracháin** | |
| **Fo-iomlán** | **£196,234** |
| | |
| **Coistais Reatha** | |
| Taisteal agus cothabháil | £1,800 |
| Costais reatha agus riaracháin | £11,200 |
| **Fo-iomlán** | **£13,000** |

| | |
|---|---|
| | |
| **Imeachtaí/ Tionscadail** | |
| CLEITE srl. | £63,252 |
| **Fo-iomlán** | £63,252 |
| | |
| **Iomlán** | **£272,486** |

**08. Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain.**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2024 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil an caiteachas fós ar sprioc.
- Míníodh go bhfuil €3.8 milliún le caitheamh i mí na Nollag ach go gceaptar go mbeidh an buiséad cothrom faoi dheireadh 2024.
- Luadh go mbeidh cinntí deacra le glacadh in 2025.

**09. Cuntais 2022 an Fhorais Teanga**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) Cuntais 2022 an Fhorais Teanga i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go mbeifear ag iarraidh iad a fhaomhadh in 2024.
- Míníodh go bhfuil cruinniú den Fhoras Teanga á shocrú.

**10. Comhfhreagras**


Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**11. Aon ghnó eile**

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leis na Comhaltaí Boird ar fad agus leis an bhFeidhmeannas as a gcuid oibre i rith na bliana.

**12. An chéad Chruinniú Boird eile**

Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl ar an 31 Eanáir 2025.



**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**25 Aibreán 2025**

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2024

| | 26/01/24 | 08/03/24 | 26/04/24 | 28/06/24 | 13/09/24 | 01/11/24 | 13/12/24 | 17/12/25 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 8/8 |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | - | - | 3/6 |
| K. Ó hEadhra | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/8 |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | 5/8 |
| L. Rushe | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | - | 5/7 |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/8 |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/8 |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | 6/6 |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | - | - | 5/6 |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | 5/8 |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | 6/8 |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7/8 |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | - | - | 4/6 |
| M. Ní Ghabháin | - | - | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |
| G. Ní Chionnaith | - | - | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ | 3/3 |

**Miontuairiscí ón gCruinniú Breise Boird a tionóladh Dé Máirt 17 Nollaig 2024 ar Zúm**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, D. Ó Brolcháin, M. Ní Chonghaile, I. Ó Dochartaigh, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, M. Ní Ghabháin agus G. Ní Chionnaith.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), B. Mac Craith (Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha), S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha) agus S. Keating (Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

**1. Ainmniúchán Fhoras na Gaeilge do thoghchán an tSeanaid**

- Míníodh an próiseas ainmniúcháin agus dúradh gurb é cinneadh an phainéil roghnúcháin Liadh Ní Riada a ainmniú.
- Bhí roinnt plé agus ceisteanna ó chomhaltaí.
- Míníodh go bhfuil na socruithe céanna i bhfeidhm maidir le Seanadóirí agus atá le Teachtaí Dála agus go mbeidh ar Liadh Ní Riada éirí as an mBord sa chás go dtoghfar í.

*Ag an bpointe seo den chruinniú, tháinig D. Ó Brolcháin isteach.*

- Cuireadh moladh foirmiúil faoi bhráid an Bhoird Liadh Ní Riada a ainmniú mar ainmniúchán Fhoras na Gaeilge do thoghchán Sheanad Éireann.
- Glacadh leis an moladh.

**2. Cuntais 2022 an Foras Teanga**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhisí Corparáideacha Cuntais 2022 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Míníodh go mbeadh Cuntais 2022 Fhoras na Gaeilge le faomhadh ag an gcruinniú seo le go mbeifear in ann iad a chomhdhlúthú le Cuntais 2022 Ghníomhaireacht na hUltaise.
- Dúradh go ndearnadh ceithre mhionathrú gan substaint ar fhigiúirí sa dréacht a cuireadh faoi bhráid an Bhoird i Márta 2023, agus míníodh iad.
- Luadh go bhfuil athrú ar thuarastal, ar phinsean agus ar rithim chaitheamh na ndeontas.
- Moladh dáta faofa na gcuntas a leasú ó 13/12/24 go 17/12/24.
- Faomhadh Cuntais 2022 Fhoras na Gaeilge.



______________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**25 Aibreán 2025**